

| | |
|-----------------|---|
| Post | Oifigeach ICT (AOF) |
| Conradh | Lánaimseartha; Conradh Sainchuspóra (Clúdach Sosa Gairme) |
| Grúpa Seirbhíse | Seirbhísí Corparáideacha |
| Áit | Ceannoifig BIM, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. |

Tuairisc ar Ghrúpa Seirbhíse cúí:

Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht, pleanáil agus riarachán a bhaineann le cúrsaí Airgeadais, TFC, Soláthair, Seirbhísí Flít, Seirbhísí Infheistíochta agus gréasán Ice Plant ar fáil laistigh de BIM.

Achoimre ar an Ról:

Oibreoidh an Oifigeach TFC leis an bhFoireann Seirbhísí Bainistithe laistigh den Rannóg TFC agus Seirbhísí Corparáideacha. Is é ról agus freagracht an iarrthóra a n-éireoidh leis an méid seo a chinntiú: Go gcuirfear seirbhísí tacaíochta ar fáil ar bhealach gairmiúil; Go ndéanfar an chumarsáid leis na páirtithe leasmhara atá againn agus an chomhairle a thugtar dóibh a chothú agus a fhorbairt; Go measfar na seirbhísí arna gcur ar fáil ag an Rannóg TFC a bheith ar ardchaighdeán; Go mbainfear amach na sprioc-amanna i gcás gach tionscadail/taisc agus go gcuirfear ar fáil iad ar an gcaighdeán agus ar an gcáilíocht cheart.

Cúlra leis an Riachtanas:

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann a bhfuil freagracht air as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail chun cinntiú go mbaintear leas as acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach atá inbhuanaithe.

Tá ról tábhachtach ag an Rannóg TFC i BIM trí sheirbhísí agus comhairleoireacht TFC a chur ar fáil d'eagraíocht BIM. Tá an rannóg comhdhéanta d'fhoireann fhuinniúil ildisciplíneach TFC a thacaíonn leis na córais reatha fad a bhíonn sí ag déanamh córais nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chinntíonn go mbaineann sí amach an sprioc straitéiseach atá aici, is é sin go gcuirfear seirbhís TFC ar fáil atá ar aon chéim leis an seirbhís TFC is fearr i Seirbhísí Phoiblí na hÉireann. Bíonn BIM ag brath ar an rannóg TFC chun an sprioc straitéiseach atá aige a bhaint amach, is é sin an tseirbhís is fearr agus is féidir a chur ar fáil do Thionscal Bia Mara na hÉireann trí réitigh nuálacha seachadta seirbhíse agus córais cheannródaíochta TFC a chur ar fáil.

Príomhthascanna:

Bainistiú Seirbhíse

- Tacaíocht agus comhlíonadh a chur ar fáil don timpeallacht TFC.
- Anailís struchtúrtha agus cur chuige cruthaitheach i leith réiteach agus fuascailt fadhbanna.

Bainistiú Athraithe

- Pleananna cur chun feidhme a ullmhú agus a rith maidir le hathruithe laistigh den timpeallacht theicniúil e.g. RFCanna, Tascanna etc.
- Réitigh theicniúla ar fhadhbanna gnó a shainaithint.
- Oibriú le conarthaí soláthróra atá ann cheana chun eisiúint na mbogearraí is déanaí a dhéanamh, de réir an phróisis bainistithe eisiúna.
- Beifear ag súil go gcuirfidh an t-iarrthóir oiliúint agus tacaíocht ar fáil maidir leis na huirlisí TFC agus go gcabhróidh sé le forbairt ghnó ina leith.

Seirbhísí do Chustaiméirí

- Íomhá gairmiúil den rannóg a chruthú agus a chur chun cinn an t-am ar fad agus meon dearfach agat a bhíonn dírithe ar na custaiméirí, ionchais a leagan síos de réir mar is cuí ar mhaithe le fadhbanna a réiteach fad a léiríonn an t-iarrthóir go bhfuil sé sásta iarracht ar leith a dhéanamh.
- Cumarsáid a dhéanamh go réamhghníomhach le húsáideoirí chun ionchais a leagan síos agus chun an seachadadh seirbhísí is éifeachtúla a chumasú.
- Cumarsáid éifeachtach a choinneáil le baill foirne theicniúla eile, le baill foirne oibríochtaí agus le baill foirne tacaíochta tríú páirtí.
- Tionscadail a chomhordú ar fud na heagraíochta, beifear ag súil go gcuirfidh an t-iarrthóir oiliúint agus tacaíocht ar fáil maidir leis na huirlisí TFC agus go gcabhróidh sé le forbairt ghnó ina leith.

Tionscadail Theicniúla

- Bainistiú a dhéanamh agus cabhair a thabhairt maidir le bonneagar, éadálacha teicneolaíochta, réitigh bogearraí agus uasghrádaithe a chur i bhfeidhm.
- Freagracht a ghlacadh as sceidil oibre a chur i gcrích in éineacht leis an eagraí tionscadail de réir mar a ordóidh an Bainisteoir TFC.
- Freagracht a ghlacadh as tascanna a chur i gcrích ar chaighdeán a bhfuil glacadh leo agus ar an gcáilíocht a mbítear ag súil leis.
- Cuir le hobair theicniúil na rannóige TF agus cur chuige solúbtha a ghlacadh i dtaobh na n-uirlisí lena mbíonn sí ag obair, ionas go mbeidh an rannóg TF de shíor ag feabhsú nó ag forbairt a seirbhíse.
- Cúnamh a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm chóras Dynamics 365 CRM na heagraíochta agus i ndáil le hoiliúint ina leith.

Riarachán

- Cúnamh a thabhairt don Bhainisteoir TFC i ndáil le riachtanais soláthair na rannóige TFC lena n-áirítear larrataí ar Thairiscint, Cásanna Gnó, idirghníomhaíocht leis an Oifig um Sholáthar Rialtais agus a creataí. Áirítear air seo larrataí TFC ar Thairiscint a chruthú, a fhoilsiú, a mheas agus a bhronnadh laistigh den rannóg agus ar fud na heagraíochta araon. Cinnte a dhéanamh go ndéanfar an soláthar ar fad de réir threoirínte agus pholasaithe Bhord Iascaigh Mhara agus na hearnála poiblí.
- Chun cuidiú a thabhairt i ndáil le Buiséid TFC a chruthú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

- Chun cuidiú a thabhairt i ndáil le tuairisciú rialaithe lena n-áirítear tuairisciú SOY/EOY d'Imlitir 02 de 2016.
- Fardail TFC a chothabháil lena n-áirítear Leabharlann Meán, Sócmhainní Bogearraí, Sócmhainní Crua-earraí, Línte Cumarsáide etc.
- Chun bainistiú soláthróirí éifeachtach a chur ar fáil lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar luach ar airgead, comhlíonadh comhaontuithe ar leibhéal na seirbhíse agus sonraíochtaí tionscadal agus ráitis oibre éifeachtacha a chinntiú.
- Cinnte a dhéanamh go bhfuil tacar polasaithe i bhfeidhm atá oiriúnach don fheidhm atá leo.

Bainistiú Tionscadal TFC

- Cásanna Gnó a chruthú do Thionscadail TFC agus cead a fháil dóibh ón lucht bainistíochta sinsearaí
- Tionscadail TFC a shonrú agus a dhoiciméadú
- Oiliúint a chur ar fáil de réir mar a theastaíonn chun rath tionscadail a chinntiú
- Soláthróirí a bhainistiú de réir mar a chuireann siad tionscadail i bhfeidhm agus mar a dhéanann siad monatóireacht ar tháirgí insholáthartha i gcoinne na sonraíochta
- Oibriú leis na soláthróirí nuair nach bhfuil na táirgí insholáthartha ag teacht leis an tsonraíocht
- Cinnte a dhéanamh go léirítear comhaontuithe chonartha BIM sna híocaíochtaí
- Cuidiú a thabhairt maidir le hoiliúint a chur ar fáil ar thionscadail chun rath a chinntiú
- Beifear ag súil go gcuirfidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis leis an straitéis/fís TFC chun tacú le fís fhoriomlán na heagraíochta agus caighdeán dea-chleachtais agus cóid chleachtais a chinntiú agus beidh ról tábhachtach aige maidir le baill foirne a bhainistiú laistigh den rannóg

Dualgais Eile

- Dualgais ar bith eile atá laistigh de scóip agus grádú an phoist a chomhlíonadh a bhféadfadh an bainisteoir TFC nó an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha a iarraidh ort.
- Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh

Struchtúr Tuairiscithe:

Bainisteoir Rannóige / Bainisteoir TFC a thuirisciú chuig an Ceann Seirbhísí Corparáideacha.

Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM

Gach ball foirne de chuid BIM, an Bainisteoir TFC, an Fhoireann Seirbhísí Bainistithe agus Seirbhísí Corparáideacha.

Lasmuigh de BIM

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, páirtneirí tionscadail, an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, an earnáil gabhála

Oiliúint

Níl aon riachtanais oiliúna éigeantach don ról seo.

Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

Oideachas, Cáilíochtaí Gairmiúla nó Teicniúil, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

Riachtanach:

- Cáilíocht tríú leibhéal in TF nó Gnó
- Taithí ceithre bliana ar a laghad i réimse a bhaineann le hábhar.
- Eolas agus taithí ar sholáthar san earnáil phoiblí
- Taithí ar bhuiséadú san earnáil phoiblí
- Taithí ar bhainistiú soláthróirí
- Taithí ar bheith ag obair i dtimpeallacht theicniúil a ghluaiseann ar aghaidh go sciobtha
- Taithí ar bheith ag obair le táirgí Microsoft
- Inniúlacht i gcúrsaí cruinnis, aird ar mhionsonraí agus tiomantas do thorthaí ardchaighdeán
- Sárscileanna idirphearsanta lena n-áirítear taithí ar bheith ag idirghníomhú go héifeachtach le réimse gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla
- Treallús, tionscnaíocht agus solúbthacht
- Breithiúnas grinn agus scileanna maithe cinnteoireachta, anailíse agus fadhbréitigh
- Sárscileanna cumarsáide sa scríobh agus ó bhéal.
- Duine atá in ann bainistiú éifeachtach tionscadail a léiriú agus a bhfuil an cumas aige a bheith ag obair ar roinnt tionscadal ag an am céanna agus atá in ann dul in oiriúint do thosaíochtaí a bhíonn ag athrú agus iad in ann déileáil le hathruithe
- Cruthúnas ar chumas oibriú as do stuaim féin agus cumas atá comhlántach dó sin a bheith ag obair mar dhuine d'fhoireann chomh maith
- Sárscileanna pleanála agus eagrúcháin agus an cumas oibriú de réir sprioc-amanna dochta agus tascanna a chur in ord tosaíochta go héifeachtach
- Ardscileanna ríomhaireachta lena n-áirítear eolas agus taithí ar úsáid aipeanna amhail Flexi-grant, sraith MS O365, Excel, NAV, Teams, Sharepoint, Dynamics 365 CRM.

Inmhianaithe:

- Eolas agus taithí ar riachtanais rialachais na hearnála poiblí
- Taithí ar bheith ag obair le Dynamics 365 CRM
- Taithí ar thionscadail TFC a bhainistiú
- Eolas ar Microsoft Form agus Microsoft Customer Voice

Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Dinimiceas agus iontaofacht
- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú

- Taithí chruthaithe ar bheith ag obair le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ilchineálacha chun fadhbanna a réiteach agus spriocanna coiteanna a bhaint amach
- Ábalta a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, agus cumas a bheith ag obair go cáiréiseach le páirtithe leasmhara chun fadhbanna a réiteach.

Tuarastal:

Ag grád Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €50,848 - €64,038 (amhail an 1 Feabhra 2021) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe. Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huairé (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil poiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil:

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Fad an Chonartha:

Is chun críche neamhláithreachta sosa gairme a chlúdach atá an Conradh fostaíochta sainchuspóra seo, go dtí Nollaig 2023 i dtosach. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí den chonradh.

Conas iarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, 12 Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Is é 5 p.m. an 4 Iúil 2022 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie.

Úsáid Sonraí - Ní bhainfeadh úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus

an fhaisnéis a scríosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara